



FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Sonraí sa Chomhbheartas Talmhaíochta -
Acmhainneacht na mórshonraí nár saothraíodh le
haghaidh meastóireachtaí beartais

Ábhar

I. RÉAMHRÁ GINEARÁLTA DO NA FREAGRA ÓN gCOIMISIÚN	2
II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE	3
1. Comhbheartas Talmhaíochta atá sonraíbhunaithe	3
2. D'ainneoin corrbhearna sonraí a bheith ann, tá eolas leordhóthanach ag an gCoimisiún chun measúnú tionchar a dhéanamh agus beartais atá oiriúnach dá bhfeidhm a mholadh.....	3
3. Tá an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme ar cheann de na príomhacmhainní sonraí atá ann	4
4. Ó shuirbhéanna go sonraí arna nginiúint de bhraiteoirí próbháideacha	4
5. Measann CIE é a bheith ina dhea-chleachtas pointe rochtana aonair ar shonraí a bheith ar fáil	5
III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE.....	5
1. Moladh 1 – Creat a bhunú le haghaidh sonraí imdhealaithe ó CCRR a úsáid.....	5
2. Moladh 2 – Níos mó úsáide a bhaint as, agus forbairt a dhéanamh ar, na foinsí sonraí chun riachtanais bheartais a chomhlíonadh	5

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. RÉAMHRÁ GINEARÁLTA DO NA FREAGRA ÓN gCOIMISIÚN

Tá méideanna móra sonraí i seilbh an Choimisiúin i gcomhair dheardh, fhaireachán agus mheastóireacht an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT). Is toradh í an fhaisnéis sin ar iarrachtaí san am a caitheadh agus san am i láthair chun raon leathan sonraí a bhailiú agus a úsáid le linn na gcéimeanna éagsúla de thimthriall CBT: anailís, ceapadh beartais, measúnú tionchair ar roghanna beartais malartacha, cur chun feidhme beartais agus obair faireacháin ghaolmhar, iniúchadh agus meastóireacht, ach anuas air sin i gcomhair réimsí eile amhail caibidlíocht idirnáisiúnta, cúrsaí cumarsáide, bainistiú acmhainní, etc.

De réir mar a d'fhorbair cuspóirí beartais CBT in imeacht na mblianta, is amhlaidh a tháinig forbairt agus fairsingiú ar riachtanais sonraí i dtaca le gnéithe eile amhail athróga agra-chomhshaoil, astaíochtaí, bith-fhuinneamh, etc. Úsáidtear an raidhse sonraí seo ar bhonn laethúil in Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AGRI) agus trasna an Choimisiúin, agus is mó go mór an úsáid a bhaintear astu tráth déanta na Measúnuithe Tionchair. Bunaíodh an Measúnú Tionchar is déanaí maidir le todhchaí CBT ar mhéid nach bhfacthas riamh roimhe de shonraí, de staidéir agus de thaighde eile, de meastóireachtaí, d'uirlisí samhaltaithe, d'ard-mhodheolaíochtaí chun ionchur cainníochtúil agus cáilíochtúil a bhailiú agus na roghanna a rangú, etc. chomh maith le hobair idirsheirbhíse chuimsitheach agus fhairsing ina raibh na dosaenacha comhghleacaithe ó AGRI agus ón gCoimisiún trí chéile páirteach ar feadh corradh le bliain. Thug an Coimisiún faoi thionscnaimh éagsúla chun gur fearr an úsáid a bhainfear as na sonraí atá ann cheana agus chun comhroinnt sonraí idir na Ballstáit a éascú.

San tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) aithnítear go bhfuil méid mór sonraí i seilbh an Choimisiúin agus déantar scrúdú ar an gceist i dtaobh cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an Coimisiún úsáid mhaith as na sonraí sin. Tá fáilte roimh an tuarascáil mar gheall ar a hábharthacht agus a tráthúlacht, nuair a ghintear méid as cuimse sonraí mar thoradh ar dhul chun cinn sna teicneolaíochtaí digiteacha. Aontaíonn an Coimisiún leis an nglao ó CIE chun úsáid níos fearr a bhaint as sonraí imdhealaithe a shealbhaíonn na Ballstáit agus chun na sonraí sin agus foinsí nua sonraí eile a bhailiú agus a chomhtháthú chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí atá fós ann. Coinneoidh an Coimisiún air i mbun oibre chun deireadh a chur leis na bacainní ar shonraí a chomhroinnt agus a chomhtháthú, ionadaithe agus cuir chuige samhaltaithe a fhorbairt.

A bhúí leis an méid mór sonraí atá ann, agus leis na huirlisí agus modheolaíochtaí ábhartha agus oifigigh oilte a bhfuil taithí acu, bhí an Coimisiún in ann rochtain a fháil ar fheidhmíocht ghinearálta an bheartais agus, trí bhíthin Grinn-Mheasúnuithe Tionchair, aghaidh a thabhairt ar na laigí agus tograí fianaise-bhunaithe a fhorbairt.

Amhail i gcás na ngnólachtaí agus institiúidí uile, is é an príomhdhúshlán a bheidh ann dáiríre sna blianta beaga atá ag teacht rochtain níos fearr a fháil ar, agus úsáid fheabhsaithe a bhaint as, na mórshonraí arna nginiúint ag an réabhlóid sonraí/dhigiteach, agus a bhfuil ann den iliomad gaireas agus braiteoirí atá nasctha le hidirlíon na Rudaí Nithiúla. Tá infheistíocht mhór á déanamh ag an gCoimisiún i gcreat reachtaíochta (e.g. gníomh sonraí, gníomh rialachais sonraí, gníomh intleachta saorga, etc.), i dtaighde spriocdhírithé agus i dtacaíocht airgeadais chun na bonneagair is gá a chur ar bun.

Glacann an Coimisiún go hiomlán leis na moltaí.

Ó chríochnaigh CIE an t-íniúchadh, tá a thuilleadh dul chun cinn déanta i réimsí tábhachtacha eile:

- Tá obair ar an aistriú ón Lónra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme (LSCF) chuig an Lónra Sonraí Inbhuanaitheachta Feirme (LSIF) ag dul ar aghaidh go tapa, i gcomhréir leis an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc. Géaraíodh ar na malartuithe idir na Ballstáit agus tá dréacht de bhunghníomh nua LSIF á ullmhú lena ghlacadh ag an gCoimisiún.
- Tá céim aibíochta á baint amach ag na gníomhartha Cur Chun Feidhme agus Tarmligthe a bhaineann leis an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) agus is gearr go gcuirfear isteach iad lena vótáil nó lena nglacadh. Áirítear iontu siúd mionsonraí faoin gCóras nua Faireacháin Limistéir.
- Pléadh an dréachtrialachán cur chun feidhme maidir le Sonraí le haghaidh Faireacháin agus Meastóireachta leis na Ballstáit ag Coistí agus Grúpaí Saineolaithe agus beartaítear é a ghlacadh i lár na bliana 2022.

II. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Comhbheartas Talmhaíochta atá sonraíbhunaithe

Aithnítear sa tuarascáil go bhfuil méideanna móra sonraí i seilbh an Choimisiúin i gcomhair dhearadh, fhaireachán agus mheastóireacht CBT¹. Is toradh í na sonraí sin ar iarrachtaí san am a caitheadh agus san am i láthair chun raon leathan sonraí a bhailiú agus a úsáid le linn na gcéimeanna éagsúla de thimthriall an Chomhbheartais Talmhaíochta. I dteannta na héabhlóide a tháinig ar chuspóirí beartais CBT chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá tagtha chun cinn le 60 bliain anuas (e.g. slándáil bia, sábháilteacht bia, an comhshaol, an aeráid, etc.) agus ar ionchais an tsaoránaigh, forbraíodh agus leathnaíodh dá réir na riachtanais sonraí chuig gnéithe eile amhail athróa agra-chomhshaol, astaíochtaí, bith-fhuinneamh, etc.

2. D'ainneoin corrbhearna sonraí a bheith ann, tá eolas leordhóthanach ag an gCoimisiún chun measúnú tionchar a dhéanamh agus beartais atá oiriúnach dá bhfeidhm a mholadh

Fad is go n-aithnítear i dtuarascáil CIE go bhfuil méideanna móra sonraí i seilbh an Choimisiúin i gcomhair dhearadh, fhaireachán agus mheastóireacht CBT, luaitear réimsí áirithe ina bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí. Tá an Coimisiún ar aon fhocal leis an measúnú sin agus cé go bhfuil, mar atá ráite sa tuarascáil, méideanna móra sonraí ábhartha ina sheilbh, mar sin féin tá sé tar éis a bheith ag iarraidh go seasta aghaidh a thabhairt ar an gcorr-réimse ina mbíonn sé níos deacra sonraí a fháil, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Na Ballstáit a spreagadh chun na sonraí sin a bhailiú,
- cómhaoiniú a dhéanamh ar bhailiú staidrimh (e.g. LSCF - an Lónra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme, SSF/SFC - an tSuirbhéireacht ar Struchtúr Feirme/an tSuirbhéireacht Feirme Comhtháite, LUCAS -an Suirbhé Staidrimh ar Chumhdach/Úsáid Talún),
- tacair sonraí a cheannach,

¹ Féach míreanna 16-21 de thuarascáil CIE.

- acmhainní a infheistiú chun comhroinnt sonraí idir Ballstáit a éascú
- taighde saincheaptha agus gníomhaíochtaí nuálaíochta, agus
- ionadaithe agus uirlisí samhaltaithe a úsáid.

I measc na mbearnaí sonraí atá ann luaitear an t-ioncam teaghlaigh i dtuarascáil CIE, i.e. an fóras gurb amhlaidh nach mbailíonn an Coimisiún sonraí mionsonraithe a bhaineann leis na foinsí eile ioncaim sa teaghlach feirme. Mar fhreagra ar thuarascálacha speisialta ó CIE² bhí deis ag an gCoimisiún tagairt a dhéanamh don mheasúnú costais is tairbhe, nach raibh fabhrach dar leo, agus a bhaineann le bailiú na sonraí sonracha sin, agus mífhonn láidir na mBallstát maidir leis an bhfaisnéis sin a bhailiú.

Dá bhrí sin, maidir leis na méideanna móra sonraí ábhartha a shealbhaítear (agus an obair chun aghaidh a thabhairt ar an gcorrbhearna atá fós ann), measann an Coimisiún go gcuireann na nithe sin ar a chumas don Choimisiún eolas leordhóthanach a bheith aige chun an measúnú tionchair a dhéanamh agus beartais atá oiriúnach dá bhfeidhm a mholadh.

3. Tá an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme ar cheann de na príomhacmhainní sonraí atá ann

Tá LSCF - an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme - ina phríomhghné i measc na sócmhainní sonraí AGRI agus na gcóras TF. Tá sé ar cheann de na príomhbhailiúcháin sonraí AGRI, bailíonn sé sonraí aonair, baintear úsáid fhorleathan as agus bíonn sé ríthábhachtach le linn na gcéimeanna éagsúla den timthriall beartais (measúnú tionchair, cur chun feidhme beartais, meastóireacht). Tá an t-aistriú chuig LSIF - an Líonra Sonraí Inbhuanaitheachta Feirme - ina mhórfhorbairt ó thaobh rochtain ar shonraí AS AGRI agus tá sé dírithe go beacht ar bhearnaí sonraí tábhachtacha a líonadh i ndáil le gnéithe comhshaoil agus sóisialta den inbhuanaitheacht. Áireofar nuachóiriú foriomlán ann freisin maille le comhroinnt sonraí feabhsaithe agus ina theannta sin bainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhailítear chun comhairle agus tagarmharcáil a sholáthar d'fheirmeoirí.

4. Ó shuirbhéanna go sonraí arna nginiúint de bhraiteoirí príobháideacha

Mar thoradh ar theicneolaíochtaí nua is féidir méid sonraí nach bhfacthas riamh roimhe a ghiniúint trí bhithin braiteoirí agus gairis eile atá nasctha le hIdirlíon na Rudaí Nithiúla. Má shaothraítear agus má bhaintear leas as na sonraí is ábhartha de na sonraí sin is féidir céim mhór a ghlacadh i dtreo bearnaí sonraí atá ann faoi láthair a líonadh agus d'fhéadfaí suirbhéanna costasacha a dhéantar faoi láthair a ionadú. Le 2 bhliain anuas tá an Coimisiún tar éis moltaí a ghlacadh i réimse an rialachais sonraí agus na comhroinnte sonraí (e.g. an Gníomh um Rialachas Sonraí, an Gníomh um Shonraí) chun greim a bhreith ar acmhainneacht na mórshonraí sin nár saothraíodh. Ní go huathoibríoch a tharlóidh dul chun cinn i dtreo rochtain ar na foinsí nua sonraí sin a bhaint amach, ach is amhlaidh a beidh gá le dreasachtaí, bonneagair agus réitigh trína bhuann cách a chur ar bun.

In 2019, mhol an Coimisiún comhpháirtíocht iarrthach Fís Eorpach ar Thalmhaíocht na Sonraí, arb éard is uaimhian leis na leasanna príobháideacha agus poiblí a nascadh ó thaobh úsáid, ath-úsáid agus leas a bhaint as sonraí talmhaíochta agus réitigh atá sonraí-bhunaithe a sholáthar.

Thairis sin, tá an Coimisiún i mbun oibre chun Spásanna Coiteanna Sonraí a bhunú, lena n-áirítear sa talmhaíocht, chun spás sonraí a fhorbairt agus a áirithiú ionas gur féidir leis an earnáil talmhaíochta sonraí a chomhroinnt agus a rochtain ar bhonn trédhearcach, lena gcumasaítear méadú a chur ar a

² Amhail SR 01/2016 agus SR 10/2018

fheidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil. Is é is príomhchuspóir don spás sonraí sin freastal a dhéanamh ar na príomhghníomhaithe (e.g. feirmeoirí, monaróirí meaisíní, ach ina theannta sin cuideachtaí síolta, árachóirí, bainc, etc.) agus ar an ngeilleagar digiteach níos leithne chun seirbhísí nua a ghiniúint; d'fhéadfadh sonraí áirithe a bheith úsáideach maidir le ceapadh beartas. Sheol an Coimisiún glao le déanaí ar Ghníomhaíocht Chomhordaithe agus Tacaíochta (GCT) a dhéanfaidh scrúdú ar na roghanna féideartha agus na bealaí cur chuige coincheapúla i ndáil leis an gcur chun feidhme a dhéanfar feasta ar an spás sonraí atá ag teacht agus ina mbeidh páirtithe leasmhara agus na Ballstáit páirteach. Meastar go mbeidh na torthaí GCT ar fáil in 2024.

5. Measann CIE é a bheith ina dhea-chleachtas pointe rochtana aonair ar shonraí a bheith ar fáil

Fáiltíonn an Coimisiún roimh mheasúnú dearfach CIE ar a bhfuil bainte amach i dtéarmaí raidhse sonraí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne trí Thairseach Sonraí AGRI-food Ard-Stiúrtóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe³. Maidir leis an iarracht chun sonraí a bhailiú agus a úsáid, agus é sin freisin trí mhodhanna ardfhorbartha amhail samhlaíochta aigreacnamaíochta, comhlánaítear í tríd an iarracht i leith na sonraí is mó is ábhartha a chur ar fáil don phobal. Déantar é sin trí amharcléirithe shoiléire agus comhéadain furasta le húsáid a chur ar fáil chun na sonraí a uaslódáil, agus freisin trí acmhainní meaisín le meaisín agus rochtain fón cliste/táibléad a sholáthar.

III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1 – Creat a bhunú le haghaidh sonraí imdhealaithe ó CCRR a úsáid

Glacann an Coimisiún le moladh 1 agus oibreoidh sé tuilleadh i dtreo creat dlíthiúil, teicniúil agus riaracháin a bhunú chun sonraí ó CCRR agus ó fhoinsí eile a chomhroinnt agus a ath-úsáid sna Ballstáit, de bhreis ar a bhfaighidh an Coimisiún sna Tuarascálacha Bliantúla Feidhmíochta. Beidh na sonraí sin úsáideach i dtaca le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2024

2. Moladh 2 – Níos mó úsáide a bhaint as, agus forbairt a dhéanamh ar, na foinsí sonraí chun riachtanais bheartais a chomhlíonadh

a) Níos mó úsáide a bhaint as sonraí atá ann cheana, foinsí nua sonraí a chur sa mheá, nó foinsí atá ann cheana a chumasc

Bíonn an Coimisiún go seasta ag iarraidh sonraí atá ann cheana, agus a bailíodh chun críocha eile, a athúsáid. Dá bhrí sin glacann an Coimisiún le moladh 2(a) maidir le níos mó úsáide a bhaint as na foinsí sonraí atá ann cheana (e.g. sonraí riaracháin agus suirbhéanna staidrimh, agus sonraí Copernicus), foinsí nua sonraí a chur sa mheá, nó foinsí atá ann cheana a chumasc.

³ <https://agridata.ec.europa.eu/extensions/DataPortal/home.html>

b) Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann ionadaithe a úsáid nó foinsí sonraí indíreacha a úsáid nuair nach féidir foinsí díreacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar phríomhtháscairí nó príomhghnéithe

Glacann an Coimisiún le moladh 2(b) agus oibreoidh sé tuilleadh ar mhodheolaíochtaí níos forbartha chun ionadaithe oiriúnacha agus modhanna eile a shainaithint.

c) Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann uas-scálú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as sonraí innealra feirme

Glacann an Coimisiún le moladh 2(c) maidir le measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann uas-scálú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as sonraí innealra feirme. Oibreoidh an Coimisiún tuilleadh chun sonraí innealra feirme atá ar fáil a scrúdú agus a úsáid, ag forbairt uirlisí le haghaidh cnuaschoipeáil sonraí.

Spriocdháta cur chun feidhme: 2025